# An Coiste Iniúchóireachta

# An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2014

**Meitheamh 2015**

# Clár Ábhar

1 Ráiteas an Chathaoirligh ........ 3

2. Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta ........ 6

3. Ról an Choiste Iniúchóireachta ........ 7

4. Tuairimí agus Moltaí an Choiste Iniúchóireachta ........ 9

a. Eagrúchán agus Bainistíocht na Roinne ........ 9

b. Athbhreithniú Iniúchóireachta ........ 10

c. Athbhreithniú Meastóireachta ........ 11

d. Bainistíocht Riosca ........ 12

e. Calaois ........ 13

f. Príomhréimsí Sonracha Oibre ........ 15

Aguisín 1 - Cairt an Choiste Iniúchóireachta ........ 17

Aguisín 2 - Achoimre ar na Moltaí ........ 18

Aguisín 3 - Téarmaíocht Tuarascála Iniúchóireachta ........ 19

# 1 Ráiteas an Chathaoirligh

A Ard-Rúnaí, a chara,

Is mór an pléisiúr dom an 11ú tuarascáil bhliantúil ó Choiste Iniúchóireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a chur i do láthair. Tuarascáil í ina dtaifeadtar gníomhaíochtaí an Choiste le linn 2014. Is mar seo a leanas atá paraiméadair airgeadais an dá vóta a chuimsíonn cláir chaiteachais na Roinne:

| Meastachán Athbhreithnithe (glan) | Toradh Sealadach (glan) | Toradh Buaicbhliana (glan) | Laghdú ar Chaiteachas ón mBuaicbhliain | |
|---|---|---|---|---|
| **2014 (€m)** | **2014 (€m)** | **2008 (€m)** | **€m** | **%** |
| **Vóta 27 - Comhar Idirnáisiúnta** | | | | |
| 478 | 475 | 768 | 293 | 38 |
| **Vóta 28 - Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil** | | | | |
| 167 | 153 | 217 | 64 | 30 |

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile cúig huaire le linn 2014. Anuas air sin, thug comhaltaí den Choiste a gcuid ama go flaithiúil idir cruinnithe chun maoirseacht a dhéanamh ar chlár oibre Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta na Roinne. Cé gur chuimsigh clár oibre an Choiste le linn 2014 na freagrachtaí ilchineálacha atá ar an Roinn, bhain na príomh-shaincheisteanna ar thug ár gclár oibre aghaidh orthu le linn 2014 leis na téamaí leathana a bhaineann le bainistíocht agus rialú airgeadais, le bainistíocht riosca agus le calaois. Pléitear go mion le gach ceann díobh i gcorp na tuarascála bliantúla.

I gcomhthéacs na bpríomhthéamaí sin, ceann de na tuarascálacha is tábhachtaí a ndearna an Coiste athbhreithniú orthu le linn 2014 a bhí san athbhreithniú a rinne an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta ar chórais bhainistíochta i dtíortha is príomh-chomhpháirtithe de chuid Chúnamh Éireann. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar leordhóthanacht agus ar iontaofacht na gcóras agus na bainistíochta riosca atá i bhfeidhm chun cistí Chúnamh Éireann a bhainistiú ar leibhéal tíre, bunaithe ar mhionmheasúnú ar na córais atá i bhfeidhm in ocht dtír is comhpháirtí agus san Afraic Theas agus sa tSiombáib.

Thug an Coiste faoi deara gur thángthas ar an gconclúid fhoriomlán gur idir leordhóthanach agus go maith atá na córais inmheánacha agus na rialuithe atá i bhfeidhm ar fud na misean uile chun an clár cúnaimh a bhainistiú. Thug an Coiste faoi deara freisin gur sainaithníodh réimsí féideartha laige maidir le córais a chur ar bhonn foirmiúil agus a thaifeadadh, maidir le rioscaí a shainaithint agus bainistiú a dhéanamh ar na rialacha mionsonraithe atá in úsáid agus ar na comhpháirtithe a bhfuiltear ag tacú leo, agus maidir le struchtúir bhainistíochta agus thuairiscithe. Chuige sin, molann an Coiste go ndéanfar an cleachtas atá i bhfeidhm ar fud tíortha is comhpháirtithe a chaighdeánú tuilleadh (agus é ag aithint an ghá atá ann le solúbthacht nuair atá treoirlínte á gcur i bhfeidhm ar leibhéal tíre ar mhaithe leis an gcomhthéacs áitiúil a chur san áireamh); go ndéanfar

leibhéil/scileanna foirne i misin i dtíortha is príomh-chomhpháirtithe a mheasúnú gach bliain chun aon bhearnaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint; agus go ndéanfar dea-chleachtas a chomhroinnt tuilleadh ar fud tíortha is comhpháirtithe.

Phléigh an Coiste le saincheist na sochaí sibhialta le linn na bliana freisin. I bhfianaise na saincheisteanna atá tagtha chun solais i roinnt Carthanas le déanaí, mhol an Coiste gur cheart dearbhú a fháil ó bhoird chomhpháirtithe na sochaí sibhialta de chuid Chúnamh Éireann go bhfuil beartais luach saothair cuí ann do phearsanra sinsearach. Dearbhaíodh don Choiste gur sna meabhráin chomhaontaithe le heagraíochtaí is comhpháirtithe atá ceanglas lena gcuirtear oibleagáid ar chomhpháirtithe deontais sa chlár, ar aon dul leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta – Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais, líon na mball foirne a fuair luach saothair os cionn €70,000 a leagan amach ina ráitis bhliantúla iniúchta airgeadais.

Lean an Coiste le haghaidh a thabhairt ar shaincheist shuntasach chalaoise, a tugadh faoi deara sa tuarascáil bhliantúil don bhliain seo caite agus a nochtadh i samhradh na bliana 2013 nuair a d'aimsigh Oifig na bPasanna neamhrialtachtaí i gcás eisiúint líon beag pasanna. Tháinig an Coiste le chéile le ceann na Seirbhíse Pasanna chun plé a dhéanamh ar an bhfreagairt (a) do thuarascáil an ghrúpa sheachtraigh a cuireadh ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais, ar phróisis agus ar rialuithe na seirbhíse pasanna, agus (b) d'athbhreithniú an Aonaid Mheastóireachta agus Iniúchóireachta ar na bearta ceartaitheacha a rinne Oifig na bPasanna ó aimsíodh an chalaois chun rialuithe inmheánacha a neartú agus chun an fhéidearthacht a d'eiseofaí pasanna breise go calaoiseach a laghdú. Cuireann an Coiste fáilte roimh na bearta atá déanta ag an Roinn ina leith sin.

Maidir le córais fhónta agus le cleachtas fónta a chinntiú, chuir an Coiste fáilte roimh an iniúchadh ar chórais rialaithe inmheánaigh le haghaidh post taidhleoireachta, rud a rinneadh in 2014 tar éis mála taidhleoireachta a bhí ag triall ar an Ambasáid i mBeirlín a ghoid. Cuireann an Coiste fáilte roimh an gconclúid ar tháinig an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta uirthi go bhfuil na córais rialaithe go maith, den chuid is mó. Aontaíonn an Coiste leis na moltaí a rinneadh sa tuarascáil agus, go háirithe, molann sé don Roinn roinnt beart a dhéanamh chun socruithe a neartú (féach Aguisín 2), lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil roghanna ann le haghaidh seirbhís poist taidhleoireachta atá níos éifeachtaí ná iad sin atá i bhfeidhm faoin gcóras reatha.

Dea-fhorbairt ar leith le linn 2014 ba ea gur cheap an Roinn Príomhoifigeach Airgeadais ar leibhéal Rúnaí Chúnta. Tá an Coiste ag moladh post den sórt sin le tamall maith anuas. Mar gheall ar an ngá atá ann le bainistíocht agus le rialú láidir airgeadais sa Roinn, agus mar gheall ar chomhtháthú fheidhmeanna airgeadais an dá vóta atá ag an Roinn, tá an Coiste den tuairim go bhfuil an post sin ríthábhachtach maidir leis an bhfeidhm airgeadais a fhorbairt. Bhí cruinniú tosaigh ag an gCoiste leis an bPríomhoifigeach Airgeadais sa bhliain 2014 agus tá sé ag tnúth le bheith ag oibriú leis amach anseo.

Leanann an Coiste ar aghaidh le béim ar leith a chur ar bhainistíocht riosca. Thug an Coiste faoi deara gur ceapadh Príomhoifigeach Riosca nua agus gur cuireadh beartas nuashonraithe bainistíochta riosca le chéile le linn na bliana. Cuireann an Coiste fáilte roimh an doiciméad beartais nua agus roimh an gcur chuige dearfach atá á ghlacadh i leith bainistíocht riosca. Ba mhaith leis an gCoiste a rá go soiléir gur saincheist dhúshlánach í bainistíocht riosca agus nach féidir í a leabú go rathúil ach amháin sa chás go dtuigtear go forleathan an luach a ghabhann léi agus nach bhféachtar uirthi mar phróiseas eile atá le cur i gcrích.

Gné thábhachtach d'obair an Choiste is ea maoirseacht a dhéanamh ar an bplean oibre iniúchta inmheánaigh agus ar an bplean oibre meastóireachta. Chuir an Coiste fáilte roimh an ngníomhaíocht bheartaithe agus roimh an gcóras foirmiúil rátála a tugadh isteach do thuairimí iniúchta. Chomh maith leis sin, thug sé le fios gur gá measúnú a dhéanamh ar an gceangaltas acmhainní a bhaineann leis na príomhghníomhaíochtaí sna pleananna agus gur gá tabhairt faoi leibhéal éigin iomarcaíochta chun freastal ar ghníomhaíochtaí neamhbheartaithe. Tugann an Coiste faoi deara go bhfuil soláthar na bpleananna ag brath ar na leibhéil reatha acmhainní a bheith á gcoinneáil ar bun san Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta. Tháinig roinnt dúshláin foirne chun cinn in 2014 mar gheall gur imigh roinnt baill foirne shinsearacha ón aonad sa bhliain agus molann an Coiste go láidir don Roinn tosaíocht a thabhairt do na saincheisteanna foirne sin a réiteach.

In Aguisín 2, leagtar amach achoimre ar na moltaí a thagann as an tuarascáil bhliantúil.

Maidir le feidhmiú an Choiste Iniúchóireachta féin, chuir an Coiste fáilte roimh cheapachán Jim O'Brien in 2014 tar éis do Phil Furlong imeacht ón gCoiste in 2013. Bhí an Coiste gníomhach go fóill in idirphlé faoi ról na feidhme iniúchóireachta inmheánaí in eagraíochtaí san earnáil phoiblí ar thionscain an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) é agus i dtráchtaireacht ar threoirlínte do Choistí Iniúchóireachta ar tháirg RCPA iad. Bhí sé beartaithe ag an gCoiste ar dtús a mholtaí le haghaidh leasuithe ar a Chairt reatha a chur isteach le do bhreithniú le linn 2014 bunaithe ar an rannpháirtíocht sin. Ós rud é gur thóg an próiseas chun na treoirlínte ó RCPA a thabhairt chun críche i bhfad níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis, tá sé beartaithe againn anois na moltaí a chur isteach in 2015. Cé go bhfuil an Coiste Iniúchóireachta ag feidhmiú ar bhonn deonach óna bhunú, aithníonn an Coiste an cinneadh ón Roinn stipinn bheag a íoc le comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta as ullmhúchán agus as freastal ar chruinnithe. De réir na treorach ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, deonaíodh cead chun déanamh amhlaidh.

Ina theannta sin, tá comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta fíorbhuíoch freisin as an tacaíocht a fuair sé go flaithiúil ón lucht bainistíochta agus ón bhfoireann ag gach leibhéal ar fud na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Leanann siad ar aghaidh ag soláthar seirbhíse atá den chéad scoth, in ainneoin na ndúshlán a bhfuil déine fhaidréiseach bhuiséid ina cúis leo agus in ainneoin an iliomad tosaíochtaí oibre atá ann. Is gá dom ómós ar leith a thabhairt don obair den scoth a rinne William Carlos, a d'fhág an post a bhí aige mar cheann an Aonaid Mheastóireachta agus Iniúchóireachta, agus do Patricia Ryan, a chuir tacaíocht bhreá riaracháin ar fáil don Choiste le roinnt blianta. Táimid ag tnúth le bheith ag oibriú le Tom Hennessy sa ról nua atá aige mar cheann aonaid, agus tacaíocht bhreá á fáil aige óna chuid comhghleacaithe a bhfuil a ngairmiúlacht agus a dtiomantas eiseamláireach. Chomh maith leis sin, cuireann Anne Barry agus Liam Foley rúnaíocht ardchaighdeáin ar a bhfuil an-mheas ar fáil don Choiste Iniúchóireachta.

Richard Boyle

Cathaoirleach

An Coiste Iniúchóireachta

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Meitheamh 2015

## 2. Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta

Tarraingítear na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta ó áiteanna lasmuigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Is é Ard-Rúnaí na Roinne a cheapann iad.

Le linn 2014, ba iad seo na comhaltaí den Choiste:

Is é an **Dr Richard Boyle**, Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta ó mhí Iúil 2013, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorparáidigh san Fhoras Riaracháin (Ceapadh é mar chomhalta den Choiste i mí Eanáir 2008).

Cuntasóir Bainistíochta Cairte agus comhairleach bainistíochta ar scor é an **tUas. Donal Corcoran** (Ceapadh é mar chomhalta den Choiste i mí Iúil 2010).

Aturnae é an **tUas. Aidan Eames** (Ceapadh é mar chomhalta den Choiste i mí Iúil 2010).

Cuntasóir Cairte agus iar-chomhpháirtí in EY (Ernst & Young roimhe seo) é an **tUas. Jim Gillespie** (Ceapadh é mar chomhalta den Choiste i mí Iúil 2011).

Cuntasóir Cairte agus stiúrthóir cuideachta í **Emer Daly** (Ceapadh í mar chomhalta den Choiste i mí an Mhárta 2012).

Státseirbhíseach ar scor é an **tUas. Jim O'Brien**, a raibh a phost deiridh ar leibhéal an Dara hArd-Rúnaí sa Roinn Airgeadais (Ceapadh é mar chomhalta den Choiste i mí Iúil 2014).

## 3. Ról an Choiste Iniúchóireachta

Cuireann an Coiste Iniúchóireachta comhairle ar an Ard-Rúnaí faoi na beartais iniúchóireachta inmheánaí agus faoi straitéisí le haghaidh riosca a bhainistiú ar bhealach atá oiriúnach d'fheidhmiú na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus, tríd sin, tacaíonn sé leis comhlíonadh a dhéanamh ar na freagrachtaí atá air mar Oifigeach Cuntasaíochta ar an Roinn. Féadann an Coiste Iniúchóireachta comhairle a chur ar an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ar an Aire Stáit um Thrádáil agus Forbairt freisin nuair atá sé cuí déanamh amhlaidh.

Leagtar amach a ról agus a théarmaí tagartha i gCairt an Choiste Iniúchóireachta (féach Aguisín 1). Tá dhá ról phríomha ag an gCoiste, is iad sin:

- Comhairle a chur ar fáil faoi oibriú na feidhme Meastóireachta agus Iniúchóireachta laistigh den Roinn.
- Scrúdú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis bainistíocht riosca na Roinne.

Tá freagracht ar an gCoiste as na nithe seo a leanas:

- Formhuiniú agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar Chairt um Meastóireacht agus Iniúchóireacht ina sainítear go soiléir cuspóir, údarás, róil, freagrachtaí agus caidrimh thuairiscithe an Choiste Iniúchóireachta, an Aonaid Mheastóireachta agus Iniúchóireachta agus lucht bainistíochta na Roinne.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár beartaithe oibre don Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta laistigh den Roinn agus comhairle a chur ar fáil ina leith.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean meastóireachta agus iniúchóireachta.
- Measúnú a dhéanamh ar na torthaí ar thuarascálacha comhlánaithe meastóireachta agus iniúchta, meas a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach agus comhairle a chur ar lucht bainistíochta na Roinne faoi na conclúidí ina leith.
- Comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí ar a éifeachtaí atá an fheidhm Mheastóireachta agus Iniúchóireachta.
- Tuarascálacha speisialta a iarraidh ón Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta mar a mheastar a bheith cuí.
- Measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart ceartaitheach comhaontaithe arna ndéanamh ag an lucht bainistíochta, agus aird á tabhairt ar mheasúnú leantacha ar mheastóireachtaí agus ar iniúchtaí.
- Comhairle a chur ar fáil faoi cé acu atá, nó nach bhfuil, acmhainní imleora agus scileanna imleora ar fáil d'Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta na Roinne agus moltaí a dhéanamh maidir leis an leithdháileadh acmhainní sa chás go measann sé gur beart inmhianaithe é sin.
- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt an dea-chleachtais san Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta.

- Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis bainistíocht riosca na Roinne agus comhairle a chur ar an Ard-Rúnaí ar a éifeachtaí atá an próiseas sin.
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú don Ard-Rúnaí.

Gníomhaíonn an Coiste Iniúchóireachta mar chomhairleoir agus, dá réir sin, níl aon ghnóthaí feidhmiúcháin aige. Dá bhrí sin, níl freagracht túslíne air as an bpróiseas mionsonraithe meastóireachta agus iniúchóireachta ná as a shéala a chur le tuarascálacha meastóireachta nó le tuarascálacha iniúchta. Níl freagracht feidhmiúcháin air as athbhreithniú agus formheas (thar ceann an lucht bainistíochta) a dhéanamh ar ráitis airgeadais bhliantúla le haghaidh Vótaí na Roinne agus níl páirt aige iontu sin ach oiread.

Buaileann an Coiste Iniúchóireachta le hionadaithe don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste uair amháin sa bhliain ar a laghad. Cé go bhfuil dea-chaidreamh oibre ag an gCoiste le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, is é a bhíonn i gceist sna cruinnithe sin go bunúsach ná comhroinnt faisnéise agus tuairimí. Níl aon bhaint dhíreach ag an gCoiste Iniúchóireachta le hiniúchadh bliantúil na ráiteas airgeadais le haghaidh Vótaí na Roinne a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir le déanaí maidir le ról an Choiste Iniúchóireachta san earnáil rialtais láir. Tá sé beartaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta an treoir sin a úsáid mar chreat chun a Chairt a athbhreithniú agus a leasú in 2015.

# 4. Tuairimí agus Moltaí an Choiste Iniúchóireachta

## a. Eagrúchán agus Bainistíocht na Roinne

### I. Ard-Rúnaí Nua

Tháinig an Coiste le chéile le David Cooney, an tArd-Rúnaí a bhí ag dul as oifig, agus le Niall Burgess, an tArd-Rúnaí a bhí ag teacht isteach san oifig, le linn na bliana. Tugadh faisnéis don bheirt acu faoi gach cruinniú de chuid an Choiste agus faoina obair leanúnach. Chinntigh siad araon gur coinníodh an Coiste ar an eolas faoi aon fhorbairtí ábhartha. Ghabh an Coiste buíochas leis an Uas. Cooney as an tacaíocht láidir a thug sé don Choiste Iniúchóireachta, agus as an gcomhoibriú den scoth a rinne sé leis, le linn na tréimhse a chaith sé mar Ard-Rúnaí. Chuir an Coiste fáilte roimh an Uas. Burgess ar a cheapachán mar Ard-Rúnaí agus tá sé ag tnúth le bheith ag oibriú leis agus le tacaíocht a thabhairt dó le linn a thréimhse san oifig.

### II. Ceann Nua an Aonaid Mheastóireachta agus Iniúchóireachta

Ceapadh Tom Hennessy mar Cheann Meastóireachta agus Iniúchóireachta, agus áit William Carlos, a ceapadh mar Ambasadóir chun Mhósaimbíc, á glacadh aige. Aithníonn an Coiste Iniúchóireachta an rannchuidiú mór a rinne William Carlos maidir lena chuid oibre agus guíonn sé gach rath orthu araon ina róil nua.

### III. Príomhoifigeach Airgeadais Nua

Chuir an Coiste Iniúchóireachta fáilte roimh cheapachán John Conlan mar Phríomhoifigeach Airgeadais. Creideann an Coiste go mbainfidh an Roinn tairbhe shuntasach as an gceapachán sin le himeacht ama trí úsáid níos spriocdhírithe a bheith á baint as scileanna bainistíochta airgeadais ar leibhéal an Choiste Chomhairligh Bainistíochta. Tháinig an tUas. Conlan le chéile leis an gCoiste Iniúchóireachta an 14 Bealtaine 2014, áit ar leag sé a thosaíochtaí tosaigh amach agus ar thug sé le fios go raibh sé mar chéad chuspóir aige tuiscint a ghnóthú ar ghníomhaíochtaí, ar chórais, ar phróisis, ar nósanna imeachta agus ar rioscaí na Roinne.

### IV. Athbhreithniú Piaraí an Choiste Cúnaimh Forbartha

Rinne Coiste Cúnaimh Forbartha (CCF) na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) athbhreithniú piaraí ar Chúnamh Éireann in 2014. Moladh clár cúnaimh na hÉireann san athbhreithniú, agus moladh ar leith á thabhairt i leith a chuid oibre chun dul i ngleic leis an ocras, leis an gcothú agus leis an mbochtaineacht. De réir ECFE, tá Éire ar cheann de na deontóirí is fearr feidhmíocht maidir lena cúnamh forbartha a threorú chuig na tíortha ar domhan a bhfuil an gá is mó acu leis. Rinneadh roinnt moltaí san athbhreithniú freisin chun cabhrú le feidhmíocht na hÉireann a fheabhsú. Is féidir cóip den athbhreithniú a fháil ar shuíomh Gréasáin ECFE ag www.oecd.org/Ireland/peer-review-Ireland.htm. Tá an Coiste den tuairim go gcuimsítear an-fhaisnéis agus an-mholtaí ó thaobh dea-chleachtais de san athbhreithniú. Molann sé don Roinn machnamh cúramach a dhéanamh ar na moltaí sin agus iad a chur chun feidhme de réir mar is gá.

## b. Athbhreithniú Iniúchóireachta

### I. Tuarascálacha Iniúchta

Le linn na bliana, fuair agus phléigh an Coiste Iniúchóireachta tuarascálacha iniúchta arna n-ullmhú ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta. Agus leas á bhaint aige as próiseas pleanála iniúchta rioscabhunaithe, roghnaíonn an Coiste Meastóireachta agus Iniúchóireachta topaicí lena n-iniúchadh agus cuireann sé a phlean iniúchta faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta lena athbhreithniú agus lena chomhaontú gach bliain.  Eisíodh naoi dtuarascáil iniúchta san iomlán le linn 2014. Shainaithin an Coiste Iniúchóireachta na tuarascálacha iniúchta is suntasaí seo a leanas lena bplé anseo:

#### a. Athbhreithniú ar na Córais Bhainistíochta atá i bhfeidhm i dTíortha is Príomh-Chomhpháirtithe de chuid Chúnamh Éireann

Le linn an dara ráithe de 2014, chuir an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta tuarascáil sintéise faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta ar leordhóthanacht agus ar iontaofacht na gcóras agus na bainistíochta riosca atá i bhfeidhm chun cistí Chúnamh Éireann a bhainistiú ar leibhéal tíre is comhpháirtí. Bhí an tuarascáil sin bunaithe ar mhionmheasúnú a rinne an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta ar na córais atá i bhfeidhm in ocht dtír is comhpháirtí agus san Afraic Theas agus sa tSiombáib. Ba le linn 2013 a cuireadh an chuid is mó den obair sin i gcrích. Ba é an tArd-Rúnaí a d’iarr an t-athbhreithniú tar éis teacht ar an eolas faoin gcalaois i gclár tíre Uganda in 2012.

Ag teacht sna sála ar an obair sin, cuireadh in iúl don Choiste go ndéanfaí tascfhoireann a bheadh comhdhéanta de dhaoine ó gach cearn den Rannóg Comhair um Fhorbairt agus fofhoireann a bheadh comhdhéanta de dhaoine a bhfuil na scileanna teicniúla a theastaíonn a bhunú. Bheadh sé de dhualgas ar an gcéad fhoireann maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí an athbhreithnithe agus bheadh sé de dhualgas ar an dara foireann féachaint ar chaighdeáin a fhorbairt, de réir mar ba ghá.  Chomh maith le haird a tharraingt ar roinnt príomh-mholtaí (féach Aguisín 2), tiocfaidh an Coiste le chéile go rialta le lucht bainistíochta na dTíortha is Príomh-Chomhpháirtithe ag an gCeanncheathrú chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí lena mbaineann agus chun an scéala is déanaí a fháil faoina gcur chun feidhme.

#### b. Seirbhísí Pasanna

Tar éis calaois a aimsiú in Oifig na bPasanna in 2013, thug lucht bainistíochta Oifig na bPasanna faoi athbhreithniú “Féachaint Siar” chun méid aon chásanna calaoise eile den sórt sin a d’fhéadfadh bheith ann a shainaithint agus chun teacht ar na laigí rialaithe, dá mba ann dóibh, a bhí taobh thiar den chalaois a rinneadh. Thug an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta faoi athbhreithniú neamhspleách ar an bpróiseas “Féachaint Siar” sin agus bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta na torthaí ar an athbhreithniú ina dhiaidh sin. Deimhníodh sna torthaí sin gur chuí a bhí cur

chuige an lucht bainistíochta agus na bearta láithreacha a rinneadh chun rioscaí agus córais a rialú. Chomh maith leis sin, chuir an Roinn tús le hathbhreithniú speisialta ag painéal seachtrach saineolaithe ar na socruithe pasanna. Ghlac comhalta den Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta páirt san athbhreithniú sin agus cuireadh na torthaí foriomlána in iúl don Choiste Iniúchóireachta ina dhiaidh sin. Tugadh rochtain do chomhaltaí den Choiste Iniúchóireachta ar an tuarascáil agus tuigimid gur ghlac an Roinn le moltaí an Phainéil Sheachtraigh.

**c. Post Taidhleoireachta**

Tar éis teagmhais ina ndeachaigh mála poist taidhleoireachta ar iarraidh ón gcúiréir lena mbaineann, rinne an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta iniúchadh ar na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm le haghaidh post taidhleoireachta. Bhí an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta den tuairim gur go maith atá an córas foriomlán rialaithe inmheánaigh, ach rinne sé roinnt moltaí don Roinn i leith sláine fhisiciúil, comhlíonadh oibleagáidí Cosanta Sonraí agus an chonartha atá i bhfeidhm leis an soláthraí seirbhísí. Mhol sé don Roinn freisin athbhreithniú a dhéanamh chun a shainaithint an bhfuil aon roghanna níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ann le haghaidh post taidhleoireachta.

**d. Eile**

Tá na nithe seo a leanas i measc na n-iniúchtaí eile a rinneadh ach nach raibh a dtorthaí curtha faoi bhráid an Choiste roimh an tuarascáil seo: -

- Iniúchadh ar dheontais a bronnadh ar Mhisean Cara in 2012 agus in 2013.
- Athbhreithniú ar an ról atá ag Oifigigh Dhualgais agus ar na socruithe atá i bhfeidhm dóibh.
- Iniúchadh ar an gCiste Athmhuintearais.
- Iniúchadh ar Ambasáid na hÉireann in Pretoria.
- Iniúchadh ar an Oifig Ionadaíochta in Ramallah.
- Measúnú ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh agus Bhainistíochta Riosca i Siarra Leon.
- Cruinnithe le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe chun a shainaithint cad é an dearbhú a thugtar i leith cistí a chuireann Cúnamh Éireann le "Comhchistí Daonnúla" agus le "Cistí Freagartha Éigeandála".

## c. Athbhreithniú Meastóireachta

Gné lárnach den chlár oibre meastóireachta in 2014 ba ea meastóireachtaí a dhéanamh ar chláir thíre Chúnamh Éireann. Dírítear sna meastóireachtaí ar chláir thíre ar mheasúnú a dhéanamh ar a chuí agus ar a éifeachtaí atá roghanna straitéiseacha agus comhpháirtíochtaí gaolmhara an chláir. Mar aon le léargas a thabhairt ar an méid a baineadh amach (agus nár baineadh amach), tá meastóireachtaí ar chláir thíre tábhachtach maidir le cuntasacht a chur ar fáil do phobal na hÉireann agus don óst-tír araon. Rud is tábhachtaí fós, cabhraíonn meastóireachtaí ar chláir thíre le heolas a

thabhairt do chinnteoireacht straitéiseach amach anseo. Is gnách go dtugtar fúthu ag deireadh gach timthrialla cláir thíre, rud a chuimsíonn 4-5 bliana de ghnáth.

Ar aon dul leis an aidhm atá ag an Rialtas cultúr meastóireachta a chothú ar fud na Roinne, áiríodh sa phlean oibre do 2014 tacaíocht do raon d'obair mheastóireachta a bhí á coimisiúnú agus á bainistiú ag aonaid ghnó eile. Díríodh an tacaíocht sin go príomha ar chomhairle a chur ar fáil do na haonaid ghnó lena mbaineann maidir le meastóireachtaí a phleanáil agus a bhainistiú.

**Meastóireachtaí ar Chláir Thíre Chúnamh Éireann**

Sa bhliain 2014, cuireadh meastóireachtaí ar chláir thíre Chúnamh Éireann i Siarra Leon agus i dTíomór Thoir i gcrích agus tionscnaíodh meastóireachtaí ar na cláir thíre in Uganda agus sa Mhaláiv.

- Clúdaíodh an tréimhse ón mbliain 2011 go dtí an bhliain 2013 le Straitéis Tíre Shiarra Leon agus b'ionann an caiteachas air agus €16.4 milliún. Ó thaobh na straitéise iomláine de, fuarthas amach sa mheastóireacht gurb ábhartha, inchosanta agus comhsheasmhach le riachtanais mhuintir Shiarra Leon a bhí na roghanna a rinne Cúnamh Éireann. Leagadh béim sa mheastóireacht ar údar imní i dtaca le roinnt táscairí a raibh sonraí droch-chaighdeáin ar fáil ina leith nó nach raibh sonraí ar bith ar fáil ina leith mar a bhíothas ag súil leis.

- Leagtar béim sa mheastóireacht ar Thíomór Thoir gur chabhraigh clár Chúnamh Éireann (2000 go 2013[1]) le caidreamh déthaobhach agus méid suntasach dea-thola d'Éirinn a fhorbairt i dTíomór Thoir. Aithníodh sa tuarascáil go bhfuil sé doiligh torthaí a shainiú i gcomhthéacsanna leochaileacha. Ina theannta sin, cé go bhfuarthas amach sa mheastóireacht go raibh éachtaí suntasacha bainte amach ag Cúnamh Éireann, níorbh fhéidir torthaí, toradh ar infheistíocht ná luach ar airgead a thomhas go cruinn. Fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh éachtaí suntasacha bainte amach ag Cúnamh Éireann sna limistéir sin a raibh dea-thuiscint aige orthu agus ina raibh buntáiste comparáideach aige agus inar oibrigh sé le comhpháirtithe teicniúla láidre.

## d. Bainistíocht Riosca

Le linn na bliana, lean an Coiste Iniúchóireachta le monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas bainistíocht riosca na Roinne. Ar iarratas an Phríomhoifigigh Riosca, d'athbhreithnigh an Coiste Beartas Bainistíocht Riosca leasaithe na Roinne ag a chruinniú i mí an Mhárta 2014. Clúdaíodh leis an mbeartas leasaithe na príomhréimsí de bhainistíocht riosca, lena n-áirítear aithint agus measúnacht rioscaí, úinéireacht rioscaí, monatóireacht agus maolú, cumarsáid, struchtúr tuairiscithe agus feidhmeanna maoirseachta.

[1] Dhún Cúnamh Éireann an clár i dTíomór Thoir sa bhliain 2013

Ag an gcruinniú, d'fháiltigh an Coiste Iniúchóireachta roimh an doiciméad beartais nua agus rinne sé roinnt moltaí ar ghlac an Príomhoifigeach Riosca leo.

Fáiltíonn an Coiste Iniúchóireachta roimh an gcinneadh a rinne an tArd-Rúnaí comhalta den Choiste Comhairleach Bainistíochta, is é sin, Adrian O'Neill, a cheapadh mar Phríomhoifigeach Riosca sa Roinn. Tháinig an tUas. O'Neill i gcomharbacht ar Anne Barrington, iar-Phríomhoifigeach Riosca, tar éis di glacadh le post mar Ambasadóir in 2014. Faigheann an Príomh-Oifigeach Riosca tacaíocht ó Choiste um Bainistíocht Riosca agus ó Rúnaíocht um Bainistíocht Riosca. Tháinig an Coiste le chéile leis an bPríomhoifigeach Riosca nua i bhfóram an chruinnithe fhoirmiúil Coiste i mí Feabhra 2015.

Tá an Coiste Iniúchóireachta den tuairim go bhfuil ról an-tábhachtach ag an Rúnaíocht um Bainistíocht Riosca maidir le tacaíocht a thabhairt do Rannóga agus do Mhisin measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus straitéisí maolú riosca a chur i bhfeidhm ar leibhéal oibriúcháin, agus aird an Phríomh-Oifigigh Riosca (agus an Choiste Chomhairligh Bainistíochta) a tharraingt ag an am céanna ar bhagairtí straitéiseacha ar chomhlíonadh spriocanna na Roinne.

Tá plean oibre don tréimhse 2013 - 2015 ag an bPríomhoifigeach Riosca, rud ina leagtar amach spriocanna atá luaite go soiléir agus atá intomhaiste ar fud roinnt réimsí, d'fhonn feasacht ar riosca a neadú sa chultúr corparáideach. Is é an aidhm atá leis sin ná nár cheart do bhainistíocht riosca bheith ina cleachtadh riaracháin atá dínasctha ó 'fhíorghnó' na Roinne, ach is amhlaidh gur cheart di eolas a thabhairt mar ghnás do chinnteoireacht ar fud na heagraíochta ar fad.

Aithníonn an Coiste Iniúchóireachta an dul chun cinn leanúnach a rinneadh le linn na bliana maidir leis an mBeartas Bainistíocht Riosca a shainmhíniú, maidir le clár riosca na Roinne a chóiriú, maidir le próisis a chur chun feidhme chun tacú le bainistíocht riosca agus maidir leis an nasc idir pleanáil gnó agus bainistíocht riosca a shoiléiriú.

Thug an Coiste Iniúchóireachta na príomhrioscaí a sainaithníodh i gclár mór-rioscaí na Roinne dá aire.

## e. Calaois

Údar imní suntasach don Choiste Iniúchóireachta is ea saincheist na calaoise agus an mhonatóireacht, an brath agus an cosc ar chalaois a dhéanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ina gníomhaíochtaí go léir agus nuair a bhíonn sí ag íoc cistí poiblí amach. Is féidir léi mórthionchar clú a bheith aici ar chlár oibre na Roinne agus is féidir léi an bonn a bhaint de mhuinín an phobail.

Tá an riosca calaoise ann i ngach eagraíocht. Mar sin féin, sa chás go bhfuil cistí poiblí i gceist, tá éileamh níos mó fós ar thrédhearcacht ó na daoine sin a bhfuil freagracht orthu as cistí poiblí a íoc amach. Caitear méideanna móra de chistí poiblí sa chlár cúnaimh forbartha le Cúnamh Éireann. B'ionann an caiteachas agus €478m sa bhliain 2014, figiúr atá cothrom le 74% de bhuiséad iomlán na Roinne. Is éard atá i gceist ann ná roinnt comheagraíochtaí i lear dlínsí agus teastaíonn tuilleadh fíorairdill sa réimse seo chun

féidearthacht na calaoise a chosc. Chuir Cúnamh Éireann córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun cur ar chumas eagraíochtaí is comhpháirtithe atá ag fáil cúnamh forbartha tuairisc chuí a thabhairt ar chásanna iarbhír agus amhrasta calaoise. Roimhe seo, mhol an Coiste Iniúchóireachta don Roinn bheith aireach agus réamhghníomhach agus grinnscrúdú, tástáil agus imscrúdú á ndéanamh aige ar rioscaí calaoise féideartha laistigh d'Éirinn agus thar lear agus go háirithe le heagraíochtaí tríú páirtí a dtugann airgead cháiníocóirí na hÉireann tacaíocht dóibh.

Fuair an Coiste Iniúchóireachta an t-eolas is deireanaí maidir leis an imscrúdú a bhí á dhéanamh ar theagmhais chalaoise in Oifig na bPasanna i samhradh na bliana 2013 mar aon le cóip den tuarascáil a tháinig as an Athbhreithniú Seachtrach a rinneadh. Bhreithnigh an Coiste príomhthorthaí agus príomh-mholtaí thuarascáil an Phainéil Sheachtraigh, painéal ar bhunaigh an tArd-Rúnaí é, chun córais phasanna a athbhreithniú tar éis an chalaois a aimsiú. Chomh maith leis sin, bhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta torthaí agus moltaí an Athbhreithnithe Inmheánaigh a rinne an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta sa Roinn. D'athbhreithnigh an t-aonad sin an tionscadal 'Féachaint Siar' ar thug an tSeirbhís Pasanna faoi tar éis an teagmhais agus fuarthas deimhniú go ndearnadh bearta láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí maidir le rialú. D'fháiltigh an Coiste Iniúchóireachta roimh na bearta a rinne an Roinn tar éis calaois a aimsiú agus thug sé dá aire tiomantas na Roinne do dhul i mbun birt sna réimsí riosca sainaitheanta go léir a bhaineann le pasanna. Tugadh eolas don Choiste Iniúchóireachta faoin ngá le nuashonrú a dhéanamh ar an gcóras uathoibrithe reatha pasanna atá ag teacht i dtreo dheireadh a shaolré úsáidí agus faoi mhór-athruithe teicneolaíochta agus faoi mhórfheabhsuithe scileanna atá riachtanach sa réimse chun riachtanais sa todhchaí a chomhlíonadh. Thug an Roinn gealltanas go ndéanfadh sé na bearta riachtanacha chun aghaidh a thabhairt air sin.

Lean an Coiste Iniúchóireachta agus an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta lena mbreithmheas leanúnach ar an gClár Calaoise. Nuashonraítear an Clár Calaoise le teagmhais chalaoise de réir mar a bhraitear agus a thuairiscítear iad agus leis na bearta a dhéantar. Leanann an Coiste Iniúchóireachta ar aghaidh ag athbhreithniú struchtúr an Chláir Chalaoise nuashonraithe, lena n-áirítear próiseas um míreanna ar tugadh aghaidh orthu a dhúnadh ionas go ndírítear go príomha ar shaincheisteanna reatha calaoise. Leagann an Coiste Iniúchóireachta béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé teagmhais chalaoise amhrasta agus iarbhír, teagmhais chalaoise atá á n-imscrúdú, agus an dul chun cinn atá déanta ar na teagmhais sin, a thuairisciú ina n-iomláine.

Chuaigh an Coiste Iniúchóireachta i dteagmháil leis an Ard-Rúnaí agus leis an Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta d'fhonn cur i bhfeidhm a dhéanamh ar "Beartas um Nochtadh Cosanta" agus ar na hacmhainní agus na nósanna imeachta a theastaíonn chun tacú leis an mbeartas sin. Tá athbhreithniú á dhéanamh air sin ag an lucht bainistíochta faoi láthair agus tá an Coiste Iniúchóireachta ag súil go ndéanfar dul chun cinn ar an réimse sin in 2015.

## f. Príomhréimsí Sonracha Oibre

### I. Rátálacha agus tuairimí i dtuarascálacha iniúchóra - soiléire don léitheoir

I dtuarascáil bhliantúil 2013, rinne an Coiste Iniúchóireachta moladh gur cheart córas soiléir soilse tráchta a úsáid i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh chun gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir a thábhachtaí atá tuairimí, torthaí agus moltaí éagsúla.

Mar fhreagairt dó sin, chuir an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta córas rátála chun feidhme sa dara leath den bhliain 2014 chun cabhrú leis an léitheoir an tuairim fhoriomlán agus tábhacht na dtorthaí aonair a thuiscint.

In Aguisín 3, tá sonraí faoi na táblaí téarmaíochta a úsáideadh i dtuairimí a thuairisciú i ngach tuarascáil iniúchta agus tábla ina mínítear an méid sástachta le comhlíonadh i gcás inarb infheidhme.

### II. Cruinniú leis an Uas. John Muwanga - Ard-Iniúchóir Uganda

Ar chuireadh an Aire Stáit Costello, thug an tUas. John Muwanga, Ard-Iniúchóir Uganda, cuairt ar Éirinn d'fhonn faisnéis a thabhairt d'oifigigh phoiblí faoi ról agus fheidhmeanna a oifige agus faoinar lean as an gcalaois in Oifig an Phríomh-Aire in 2012 ar aimsigh an tArd-Iniúchóir í.

Bhuail roinnt comhaltaí den Choiste leis an Uas. John Muwanga chun saincheisteanna a thagann as an iniúchadh ar chuntais Rialtas Uganda in 2012 a phlé. Bhí plé leathan suimiúil acu ar ról an Ard-Iniúchóra in Uganda agus ar oibriú an Choiste Iniúchóireachta anseo in Éirinn.

Dhírigh an plé ar an ról a bhíonn ag Coiste Iniúchóireachta i roinn rialtais agus ar conas is féidir leis breisluach a chur leis agus athruithe a chur i bhfeidhm / tionchar a imirt ar athruithe agus ar conas a oibríonn a ról - agus comparáid á déanamh ar na cásanna in Éirinn agus in Uganda.  In Uganda, ceapann an tAire Airgeadais (an tArd-Rúnaí/Rúnaí an Státchiste) Coistí Iniúchóireachta do gach aireacht rialtais. Mar sin féin, tá obair le déanamh fós ar shoiléire agus ar an tuiscint ar ról agus ar chuspóir na gCoistí Iniúchóireachta.

Pléadh an chalaois in Uganda in 2012 lenar bhain ardleibhéal claonpháirteachais ag leibhéal sinsearach. Ba go calaoiseach a aistarraingíodh €4 mhilliún de chistí Chúnamh Éireann i dteannta na gcistí a chuir trí dheontóir eile ar fáil (€11.6m san iomlán). Aisghabhadh an t-airgead ar fad ó Rialtas Uganda ina dhiaidh sin.

Rinneadh sainaithint agus cur ar fionraí ar fhormhór na bpríomhpháirtithe a bhí páirteach sa chalaois. Ní féidir eolas a fháil ar cérbh iad tairbhithe deiridh na gcistí agus ní féidir a chur as an áireamh gurbh fhéidir go raibh tairbhithe eile ann seachas déantóirí díreacha

na coire. Tá póilíní Uganda agus comhlachtaí imscrúdaitheacha eile ag leanúint den ábhar sin.

Éascaíodh an chalaois le roinnt laigí i gcórais. Bhí na laigí sin sa Státchiste agus i mBanc Uganda araon. Níor sainaithníodh na laigí sin go soiléir sna measúnuithe seachtracha éagsúla a rinne comhlachtaí agus deontóirí idirnáisiúnta ar chórais phoiblí bhainistíochta airgeadais.

Tá Cúnamh Éireann sásta le hOifig an Ard-Iniúchóra. Ní hé amháin go mbaineann an tsástacht sin leis an gcás ar leith sin, baineann sí freisin le neamhspleáchas agus cumas iomlán na hoifige.

## Aguisín 1 - Cairt an Choiste Iniúchóireachta

Is é Ard-Rúnaí na Roinne, arb é an t-oifigeach cuntasaíochta do Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha) agus do Vóta 27 (Comhar Idirnáisiúnta), a dhéanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (an Roinn) a cheapadh go foirmiúil. Is don Ard-Rúnaí a thugann an Coiste tuairisc freisin. Cuirfidh sé comhairle, de réir mar is cuí, ar an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ar an Aire Stáit um Thrádáil agus Forbairt.

Beidh Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí ar a laghad ar an gCoiste agus ní bheidh baint ag na daoine sin leis an Roinn (ní mór do thriúr comhaltaí ar a laghad bheith i láthair chun cruinniú a chur ar siúl). Beidh beirt chomhaltaí ar a laghad den Choiste ina gcuntasóirí cáilithe agus beidh taithí ghairmiúil ag roinnt díobh ar réimse an chomhair um fhorbairt agus ar chláir forbartha a mheasúnú. Féadfar taithí bhreise a lorg ar bhonn comhairleachta. Is é an ghnáth-thréimhse a chuirfidh na comhaltaí isteach ná dhá bhliain. Tiocfaidh an Coiste le chéile sé huaire sa bhliain de ghnáth.

Soláthróidh an Coiste breithmheas neamhspleách ar na socruithe iniúchóireachta agus meastóireachta atá i bhfeidhm d'fhonn rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca a neartú agus feidhmiú éifeachtach na feidhme iniúchóireachta agus meastóireachta a fheabhsú laistigh den Roinn.

Cuirfidh an Coiste tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Ard-Rúnaí. I measc nithe eile, beidh an tuarascáil sin bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar straitéis meastóireachta agus iniúchóireachta na Roinne agus ar na cláir bhliantúla oibre a thagann as sin
- Athbhreithniú ar chur chun feidhme na gclár sin.
- Athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil chuige sin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar athbhreithnithe ar na córais rialaithe inmheánaigh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar athbhreithnithe ar na córais bhainistíocht riosca.

Tabharfaidh an Coiste cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, nó dá (h)ionadaí, teacht le chéile leis uair amháin ar a laghad sa bhliain.

Tá ról comhairleach ag an gCoiste Iniúchóireachta. Níl feidhmeanna, freagrachtaí ná cumhachtaí feidhmiúcháin ar bith aige agus níl ról ar bith aige maidir le tuarascálacha meastóireachta agus iniúchta a cheadú.

# Aguisín 2 - Achoimre ar na Moltaí

**Eagrúchán agus Bainistíocht na Roinne - An Stiúrthóireacht um Chomhar Forbartha (SCF)**

1. Ba cheart don Stiúrthóireacht um Chomhar Forbartha a chinntiú go gcaighdeánaítear cleachtais agus nósanna imeachta ar fud Tíortha is Príomh-Chomhpháirtithe. Níor cheart nósanna imeachta ardleibhéil a bheith ró-shaintreorach, áfach, agus ba cheart solúbthacht a bheith sna treoirlínte ar leibhéal tíre chun an comhthéacs áitiúil a chur san áireamh.

2. Ba cheart measúnú bliantúil ar leibhéil soláthar foirne / scileanna a dhéanamh i misin i dTíortha is Príomh-Chomhpháirtithe mar chuid den phróiseas pleanála gnó. Ba cheart eolas a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta faoi aon bhearnaí suntasacha a d'fhéadfadh bheith ann.

3. Ba cheart 'dea-chleachtas' a oibrítear i dTír amháin is Príomh-Chomhpháirtí a chomhroinnt sna Tíortha eile is Príomh-Chomhpháirtithe. Ba cheart an cleachtas sin a chur san áireamh sna treoirlínte áitiúla le haghaidh na tíre sin.

4. Ba cheart don Stiúrthóireacht um Chomhar Forbartha an Coiste a choinneáil ar an eolas faoi chur chun feidhme na moltaí i dtuarascáil an chláir um chomhar forbartha de chuid Chúnamh Éireann a rinne Athbhreithniú Piaraí an Choiste Cúnaimh Forbartha (CCF) in 2014.

**An tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta**

5. Ba cheart don Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas um míreanna ar an gClár Calaoise a dhúnadh go foirmiúil, lena n-áirítear eolas a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta ina leith sin.

6. Ba cheart don Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean oibre iniúchóireachta inmheánaí don tréimhse ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2016 chun a chinntiú gur féidir é a bhaint amach, ag féachaint do na hacmhainní atá ar fáil. Ba cheart don Aonad athbhreithniú a dhéanamh freisin ar mhéid an ama foirne a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí nach mbaineann le hiniúchóireacht (agus atá riachtanach) ionas gur féidir é a léiriú go cuí i sceidealú tascanna.

**Cúrsaí eile Roinne**

7. Maidir leis an tseirbhís poist taidhleoireachta, ba cheart don Roinn:

   a. Í féin a shásamh maidir le hiomláine fhisiceach na spagaí/málaí taidhleoireachta.
   b. A chinntiú gur comhlíonadh go hiomlán aon oibleagáidí faoin Acht um Chosaint Sonraí tráth ghoid mhála Ambasáid Bheirlín.
   c. A chinntiú go bhfuil conradh sínithe i bhfeidhm le gach soláthraí seirbhíse poist taidhleoireachta.
   d. A athbhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil roghanna níos éifeachtúla níos éifeachtaí ann le haghaidh seirbhís poist taidhleoireachta.

## Aguisín 3 - Téarmaíocht an Choiste Iniúchóireachta

| Rátáil Mheasúnaithe Córais | Na Critéir |
|---|---|
| | |
| **An-Mhaith** | Níl aon laigí follasacha sa chóras agus is féidir leis an gcóras agus leis an gcleachtas a bheith ina n-eiseamláirí dea-chleachtais le haghaidh na heagraíochta ar fad |
| | |
| **Maith** | Tá córais chuí i bhfeidhm ach is ann do roinnt réimsí le haghaidh feabhsú |
| | |
| **Imleor** | Tá córas bunúsach i bhfeidhm agus táthar ag cloí leis ach is ann do roinnt mhaith réimsí le haghaidh feabhsú |
| | |
| **Lag** | Níl córas ná nósanna imeachta ann<br>Tá córas ann ach tá easnaimh shuntasacha aige ó thaobh iomláine nó seiceálacha bunriachtanacha de<br>Tá córas ann ach tá fianaise ann ar neamh-chomhlíonadh suntasach. |

**Maitrís rátála comhlíonta**

| Rátáil | Na Critéir |
|---|---|
| **Sásta** | Tá fianaise shoiléir ann gur comhlíonadh na coinníollacha go léir |
| **Sásta go Páirteach** | Tá fianaise ann ar leibhéal suntasach comhlíonta ach is ann do roinnt réimsí ina bhfuil neamh-chomhlíonadh nó nach féidir comhlíonadh a mheasúnú iontu. |
| **Míshásta** | Tugann fianaise le tuiscint go bhfuil leibhéal suntasach neamh-chomhlíonta ann nó níl fianaise ann chun teacht ar thuairim |